

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Séú Dlísheomra) an 15 Meitheamh 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio – an Iodáil) – BM, NP v Ministero dell'Istruzione, dell'Università e della Ricerca – MIUR

(Cás C-132/22 ⁽¹⁾, Ministero dell'Istruzione, dell'Università e della Ricerca (Rangú speisialta))

(Tarchur chun réamhrialú – Saoirse ghluaiseachta d'oibrithe – Airteagal 45 CFAE – Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 – Airteagal 3(1) – Constaic – Cóir chomhionann – Nós imeachta aicmithe maidir le leithdháileadh post i bhforais phoiblí náisiúnta áirithe – Coinníoll iontrála atá nasctha le taithí ghairmiúil a fuarthas roimhe sin laistigh de na bunáidhreachtaí sin – Reachtaíocht náisiúnta nach gceadaíonn taithí ghairmiúil a fuarthas i mBallstáit eile a chur san áireamh – Réasúnú – Cuspóir chun dul i ngleic le neamhbhuaine)

(2023/C 271/07)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: BM, NP

Cosantóir: Ministero dell'Istruzione, dell'Università e della Ricerca – MIUR

An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 45 CFAE agus Airteagal 3(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear nach bhféadfar ach iarrthóirí a bhfuil taithí ghairmiúil áirithe faighte acu i bhforais phoiblí náisiúnta le haghaidh oiliúint ealaíne, ceoil agus cóiréagrafaíochta níos airde a ligean isteach i nós imeachta rollaithe ar na liostaí a tharraingítear suas le haghaidh earcaíochta trí bhíthin conarthaí fostaíochta a mhaireann ar feadh tréimhse éiginnte agus ar feadh tréimhse shocraithe, agus cuirtear cosc leo, ar an gcaoi sin, iad a chur san áireamh, chun críocha iad a ligean isteach sa nós imeachta sin, taithí oibre a fuarthas i mBallstáit eile.

⁽¹⁾ IO C 207, 23.5.2022.

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Cúigiú Dlísheomra) an 15 Meitheamh 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Fhrainc) – Saint-Louis Sucre v Premier ministre, Ministre de l'Agriculture et de l'Alimentation, SICA des betteraviers d'Etrepagny

(Cás C-183/22 ⁽¹⁾, Saint-Louis Sucre (Aitheantas d'eagraíocht táirgeoirí))

(Tarchur chun réamhrialú – Talmhaíocht – Comheagrú na margaí – Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 – Reachtanna eagraíochtaí táirgeoirí – Airteagal 153(1)(b) – Riail lena rialaítear comhaltaí ar le heagraíocht táirgeoirí aonair iad – Raon feidhme – Airteagal 153(2)(c) – Rialú daonlathach ar an eagraíocht táirgeoirí agus ar chinntí a dhéanann comhaltaí táirgeoirí laistigh di – Rialú arna fheidhmiú ag duine ar chomhaltaí áirithe den eagraíocht táirgeoirí)

(2023/C 271/08)

Teanga an cháis: an Fhraincis

An chúirt a rinne an tarchur

Conseil d'État